



Tacaigh leis an trádáil inbhuanaithe

Tionscnamh de chuid Ard-Stiúthóireacht na Trádála sa Choimisiún Eorpach is ea Gradam do Chathracha an Aontais Eorpaigh as Trádáil Chóir agus Eiticiúil. Bronntar an gradam ar **chathracha san AE** a thacaíonn le **trádáil, tomhaltas agus táirgeadh níos inbhuanaithe**, rud a chruthaíonn deiseanna do thairgeoirí in áiteanna eile.

Tá **cathracha an AE** ina lárionaid **trádála agus tomhaltais dhomhanda**, agus tá cinntí ceannaigh na dtomhaltóirí sna cathracha sin rithábachtach chun **an t athrú a spreagadh**, ar mhaithe leis an timpeallacht agus le slite beatha daoine araon. Aithníonn an Gradam a bhfuil bainte amach ag cathracha an AE sna colúin shóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta den trádáil idirnáisiúnta a chabhraíonn le **SFI 12** agus spriocanna eile a bhaint amach, agus cuireann an Gradam na héachtaí sin os comhair an phobail. Trí dheiseanna **comhroinnte eolais agus líonraithe**, cuireann an Gradam ardán ar leith ar fáil do chathracha san AE chun foghlaim óna chéile agus chun a gcuid tionscnamh inbhuanaitheachta féin a mhéadú.

An Dara Gradam

D'éirigh thar cionn leis an tionscnamh nuair a réachtáladh den chéad uair é in 2018, tráth ar bronnadh an gradam mór ar Ghent na Beilge, agus réachtálfar an dara Gradam in 2020. Is féidir le cathracha atá chun tosaigh sa trádáil inbhuanaithe chóir eiticiúil cur isteach ar an nGradam ach na níthe seo a leanas a bheith acu:

- **Fís, straitéis agus cuspóirí atá an-spéisiúil go deo**
- **Beartais ábhartha**
- **Gníomhaíochtaí agus tionscnaimh a bhfuil tionchar mór acu**

Cuimsítear leis sin, ach níl sé teoranta dóibh, samplaí amhail an inbhuanaitheacht a chomhtháthú i gcinnteoireacht fhoriomlán na cathrach, tionscnaimh nuálacha a réachtáil chun feasacht a mhúscailt, cláir oideachais a chur ar fáil, cleachtais soláthair inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, tacaíocht theicniúil a chur ar fáil, creataí tacúla a chruthú, nó comhoibriú go díreach le tairgeoirí i dtírí tíortha. Tugann an Gradam aitheantas do chathracha sna catagóirí seo a leanas:

- **Buaiteoir foriomlán**
- **Ardmholadh i réimsí éagsúla**



Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

- **Cathracha san AE a bhfuil níos mó ná 20,000 duine ina gcónaí iontu**
- Is féidir le páirtí leasmhar ar bith sa chathair an t iarratas a sheoladh, ach ní mór do dhuine d'ionadaithe na cathrach an t iarratas a chur isteach le faomhadh an Mhéara

Cén fáth ar cheart iarratas a chur isteach?

- Déan **ceiliúradh ar a bhfuil bainte amach** agaibh ag ócáid mhór le rá
- **Infheictheacht níos mó** do ról ceannaireachta na cathrach
- Bí le feiceáil mar **cheannródaí sa tuarascáil maidir le Lucht Tacaíochta na Trádála Inbhuanaithe**
- Bí i measc na gcathracha ar ghearrliosta **an Ghréasáin de Chathracha AE ar son na Trádála Córa Eiticiúla**, foghlaim óna chéile agus ó shaineolaithe, agus comhoibriú leo
- **Faigh inspioráid le haghaidh gníomhaíochtaí áitiúla**
- Cuir **tionscadal comhair forbartha** i bhfeidhm le tacaíocht ón Lárionad Trádála Idirnáisiúnta a rachaidh chun tairbhe do chathrach féin agus cathair chomhpháirtíochta i dtír atá i mbéal forbartha (an buaiteoir amháin)

TÚS AN PHRÓISIS IARRATAIS

FEABHRA 2020

SPRIODHÁTA D'IARRATAIS

12 MEITHEAMH 2020

MEASÚNÚ

MEITHEAMH - LÚNASA

CINNTE NA MOLTÓIRÍ

MEÁN FÓMHAIR 2020

SEARMANAS BRONNTA

DEIREAMH FÓMHAIR 2020

Comhroinn scéal trádála inbhuanaithe do chathrach féin!

Féach ár láithreán gréasáin chun tuilleadh faisnéise a fháil agus chun iarratas a chur isteach: www.trade-city-award.eu
Déan teagmháil le fairandethical@trade-city-award.eu má bhíonn ceisteanna agat.

